PACÁISTE EOLAIS IARRATAIS AR AITHEANTAS SCÉIM NA BHFOGHLAIMEOIRÍ GAEILGE

▪ Foirmeacha/cáipéisí a bhaineann le Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge	
SFG 1	Leathán Eolais
SFG 2	Foirm Iarratais ar Aitheantas faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge
SFG 3	Sainordú EFT – Sonraí Bainc – Teaghlach/Cúntóir Áitiúil
SFG 3 (A)	Cruthúnas Cánach ▪ Deimhniú Creidmheasana Cánach le cur ar fáil chun tú a shocrú suas ar chóras íocaíochta na Roinne (Nóta eolais leis seo).
SFG 4	Teastas Innealtóra faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge ▪ Le cur ar fáil ag deimhniú go bhfuil do theach ag comhlíonadh treoirlínte sábháilteacht na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. *Tá eolas ar fáil faoin ábhar seo sna treoirlínte "Sábháilteacht Dóiteáin i dTithe Gaeltachta a chuireann Lóistín ar fáil d'Fhoghlaimeoirí Gaeilge", a d'fhoilsigh an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus atá ar fáil ag:-* *https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/f1917-fire-safety-in-gaeltacht-households-accommodating-foghlaimeoiri-gaeilge/* ▪ Le bheith sínithe ag duine a bhfuil céim B.E. (nó a comhionann) aige/aici, ag Ailtire nó duine a bhfuil céim (Leibhéal 7 ÚNCÉ ar a laghad) aige /aici in innealtóireacht Dóiteáin;
SFG 5	▪ **Cáipéis: Sábháilteacht Dóiteáin i dTithe Gaeltachta a chuireann Lóistín ar fáil d'Fhoghlaimeoirí Gaeilge** Le léamh go cúramach agus Alt (A) go (E) a líonadh isteach agus a choinneáil sa teach.
Ráiteas Cosaint Leanaí	▪ **Ráiteas Cosaint Leanaí** a bheith in áit de réir fhorálacha ábhartha CHUID II den Acht um Chosaint Leanaí 2015. *Tá tuilleadh eolais ar fáil ag:-* *https://www.tusla.ie/uploads/content/4214-TUSLA_Guidance_on_Developing_a_CSS_LR.PDF* agus *https://www.tusla.ie/uploads/content/20171002ChildrenFirst2017Gaeilge.pdf*
Grinnfhiosrúchán An Gharda Síochána	▪ Tabhair faoi deara, le do thoil, mar chuid den phróiseas iarratais agus aitheantais go mbeidh ort Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a lorg don teaghlach ar fad atá **ós cionn 16 bliain d'aois**. ▪ Déanfaidh **CONCOS** (Comhchoiste Náisiúnta na gColáistí Samhraidh – 091-577050) an próiseas seo a riaradh thar cheann na gColáistí. Tá foirmeacha Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána mar aon le gach eolas a bhaineann leo le fáil ar shuíomh idirlíon **CONCOS** ANSEO. ▪ **Ná seol cáipéisí Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána chuig an Roinn.**

Deontas Tosaithe Aon Uaire

Iarratais ar Dheontas Tosaithe Aon Uaire

- Is féidir iarratas a dhéanamh ar Deontas Tosaithe Aon Uaire a dhéanamh tar éis duit aitheantas a bheith faighte agat agus tú cláraithe faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge.
- Foirm Iarratas agus tuilleadh eolais le fáil ar suíomh na Roinne.

Tuilleadh eolais agus fiosruithe:

RANNÓG NA GCOLÁISTÍ GAEILGE
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta
Na Forbacha, Gaillimh H91KX39

✉ **teaghlaighsfg@drcdg.gov.ie**

www.gov.ie